GCE

Rewarding Learning

Sonraíocht GCE CCEA

Ealaíona Íomhá Ghluaiste

Le teagasc den chéaduair ó Mheán Fómhair 2016
Le bronnadh ar leibhéal AS den chéaduair Samhradh 2017
Le bronnadh ar leibhéal A den chéaduair Samhradh 2018
Cód Ábhair: 5350

Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.

3 Inneachar Ábhair

Tá an cúrsa seo roinnte againn ina **gceithre** aonad: **dhá** aonad ag leibhéal AS agus **dhá** aonad ag A2. Leagann an rannán seo amach an t-inneachar agus na torthaí foghlama do gach aonad.

Ag AS agus ag A2 araon, roghnaíonn daltaí a dtáirge a dhéanamh mar cheachtar acu:

- **Scannán**: scéal ficseanúil beoghníomhaíochta;

  nó
- **Beochan**: seastán beochana, íomhá ar íomhá nó CGI (íomhánna ríomhghinte).

Ag AS agus ag A2 araon, tá dhá eochair-réimsí theoiriciúla ann:

- **Réalachas** – Stíl Chlasaiceach Hollywood nó an stíl leanúnach agus traidisiún an réalachais i stair an chineama, ar a n-áirítear aeistéitic an scannáin faisnéise, Nuaréalachas na hIodáile agus Nuathonn na Fraince;
  agus
- **Foirmiúlachas** – úsáid mhothúchánach mheán na scannánaíochta lena ghnéithe foirmiúla nó teicniúla ina n-iomláine amhail soilsiú, comhdhéanamh seat, eagarthóireacht, ceol, dearadh seit agus fuaim.

Eochair-réimsí eile staidéir:

- Tá teanga na scannánaíochta mar bhonn faoi gach gné den chúrsa agus cuireann sí ar chumas daltaí scil chruthaitheach agus fiosrúchán criticiúil a chur i bhfeidhm ar a gcuid staidéir agus a gcuid cleachtais.

- Forbraíonn daltaí tuiscint chruthaitheach phraiticiúil ar cheird na híomhá gluaiste agus iad ag déanamh staidéar ar na róil theicniúla agus na cleachtais oibre éagsúla a bhaineann le táirgeadh íomhá ghluaiste agus iad seo a chur i bhfeidhm (mar shampla, stiúrthóir, cineamatagrafadóir, eagarthóir, stiúrthóir ealaíne nó dearthóir seit).

3.1 Aonad AS 1: Teicnící Réalachais agus Foirmiúlachais agus Stíl Chlasaiceach Hollywood – Bunphortfólió

San aonad seo, cruthaíonn daltaí sraitheog scannáin a léiríonn tuiscint ar na gluaiseachtaí stíleacha seo a leanas:

- Stíl Chlasaiceach Hollywood;
- Réalachas; agus/nó
- Foirmiúlachas.

Fiosraíonn daltaí réimse coinbhinsiún le hatmaisféar a chruthú agus staid mhothúchánach na gcarachtar a chur in iúl sa tsraitheog acu. Ní mór dóibh fosta a bheith soiléir ina n-intinn faoin fhreagairt mhothúchánach ba mhaith leo a mhúscailt ina lucht féachana (freagairt lucht féachana). Ní chaithfidh an tsraitheog scannáin a bheith ina scéalscannán iomlán ann féin. Mar shampla, thiocfadh gur radharc nó sraith radharc í as scannán is mó nó sliocht as scéal. Caithfidh insint a bheith mar bhonn ag an tsraitheog, áfach, ina bhfuil cúis agus éifeacht shoiléir agus aontacht suímh agus/nó ama.
Ní mór do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar shaothar daoine eile roimh ré le bonn eolais a chur faoi chur i bhfeidhm a gcuid teicnící agus coinbhinsiún.

Cuireann muid leabhrán spreagthach ar fáil a ndéantar athbhreithniú air gach trí bliana. Tá sé ar fáil le híoslódáil ón mhicreashuíomh ábhair ag www.ccea.org.uk . Sa leabhrán tá moltaí ar réimse atmaisféar, mothúcháin charachtair, cásanna spreagtha agus freagairtí lucht féachana is féidir le daltaí a úsáid mar thúsphointe lena smaointe cruthaitheacha a fhorbairt. Sa leabhrán tá moltaí ann fosta ar theicnící a bhaineann le Stíl Chlasaiceach Hollywood, le Réalachas agus Foirmiúlachas agus tuairiscí agus sonraí ar roinnt samplaí le haghaidh staidéir. Tá baint ag na teicnící a liostaítear leis na cúig chroí-réimse de chuid theanga na scannánaíochta:

- ceamara;
- eagarthóireacht;
- fuaim;
- soilsiú; agus
- mise-en-scène.

Caithfidh daltaí tuiscint a léiriú ar an dóigh a n-úsáidfidh siad gach ceann de na cúig chroí-réimse de chuid theanga na scannánaíochta sa tsraitheog acu. Caithfidh Stíl Chlasaiceach Hollywood a bheith mar bhonn ag struchtúr a insinte, ach thig le daltaí teicnící ó cheann ar bith de na trí ghluaiseacht stíleacha a chur i bhfeidhm le hintinní mothúchánacha a sraitheoige a chomhlíonadh.
Ní mór do dhaltaí léiriú intinne a scríobh a thugann le fios go soiléir a gcuid spriocanna cruthaitheacha agus mothúchánacha agus a léiríonn an dóigh a ndeachaigh an staidéar a rinne siad ar shaothar daoine eile i bhfeidhm go díreach orthu. Tugann sé seo an deis do dhaltaí portfóilió mionsonraithe eolasach a fhorbairt ar a n-áirítear sraitheog scéalscannáin amháin 3–4 nóiméad (1½ go 2 nóiméad, más beochan í). Beidh ábhair chruthaitheacha agus eagrúcháin sa phortfóilió atá bainteach don réamhléiriú agus don léiriú chomh maith le luacháil an dalta ar a chuid saothair féin.

Tá Aonad AS 1 roinnte ina **chúig** shainchéim:

- Céim 1: Léiriú Intinne;
- Céim 2: Réamhléiriú Cruthaitheach;
- Céim 3: Pleanáil, Dearadh agus Eagrú;
- Céim 4: Léiriú agus Iarléiriú Cruthaitheach; agus
- Céim 5: Luacháil.

Ní mór do dhaltaí oibriú trí gach céim lena bportfóilió a chomhlánú. Is féidir go mbeidh an t-ábhar céanna i gcuid de na céimeanna ag brath ar an phróiseas chruthaitheach. Tá an rogha ag daltaí ceachtar acu a dhéanamh: scannán beoghníomhaíochta nó beochan.

Caithfidh na rudaí seo a leanas a bheith sa bhunphortfólió AS:

- léiriú intinne (ar a n-áirítear achoimriú agus luacháil) 1800–2600 focal;
  (CM3: 20 marc ar a n-áirítear **Caighdeán na Cumarsáide Scríofa)**

- script, scéalchlár agus liosta seatanna ina bhfuil an phleanáil réamhléirithe don scannán ghearr nó don tsraitheog beochana;
  (CM2 a: 20 marc)

- leabhar nótaí stiúrthóra ina bhfuil 10–20 leathanach A4 nó a chomhionann, a sholáthraíonn fianaise mhaisithe ar:
  - taighde léiriúcháin agus forbairt dearaidh;
  - machnamh ar choinbhinsiúin stíleacha agus an dóigh a n-úsáidfear iad seo le freagairt a chruthú sa lucht féachana; agus
  - fadhbanna a réiteach agus acmhainní a bhainistiú ; agus
    (CM2 b: 10 marc)

- sraitheog scéalscannáin ghearr (3–4 nóiméad, i gcás beoghníomhaíochta, nó 1½–2 nóiméad, i gcás beochana).
  (CM2 a: 60 marc)

Is gá fosta go léireodh an portfóilió eolas agus tuiscint ar Stíl Chlasaiceach Hollywood chomh maith le teicnící réalachais agus/nó foirmiúlachais san obair scríofa agus léiriúcháin araon, agus go mbeadh teanga chuí na scannánaíochta in úsáid ó thús deireadh.**(CM1 : 10 marc).**

Is gá gur leis an dalta féin amháin an obair ar fad a dhéantar. Ní mór do mhúinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar an obair lena barantúlacht a chinntiú. Is féidir go mbeidh ar dhaltaí a bheith ag obair i gcomhar le daoine eile, ach tá siad freagrach go haonarach as gach cinneadh cruthaitheach agus as léiriú a sraitheog scéalscannáin. **Agus fad ama a saothair á ríomh, ní chuirfear creidiúintí san áireamh mar chuid den tsraitheog chríochnaithe.**

Eolas atá ar shocruithe comhbhrúite agus méid na gcomhad riachtanach i gcás gach céim den phortfóilió, tá sé ar fáil sa rannán GCE de mhicreashuíomh EÍG.

Tá **60 faoin chéad** d'iomlán na marcanna don bhronnadh AS ag dul d'Aonad AS 1.

Nuair a bhreathnaítear air mar chuid den A-leibhéal GCE ar fad, leithdháiltear **24 faoin chéad** de na marcanna ar fad atá ar fáil air.

Is é **120** uasmhéid na marcanna don aonad seo.

Tá marcanna dáilte agus ualaithe trasna na gcuspóirí measúnaithe mar seo a leanas:

Cuspóirí an Mheasúnaithe		Marcanna	% den Bhronnadh A-leibhéil
CM1	Eolas agus tuiscint a léiriú ar theanga na scannánaíochta, stíleanna, cleachtais, teicnící, gluaiseachtaí agus comhthéacsanna.	10	2%
CM2 a	Eolas agus scil atá cruthaitheach agus teicniúil a chur i bhfeidhm i réamhléiriú, léiriú agus iarléiriú de tháirgí íomhá ghluaiste.	80	16%
CM2 b	Eolas agus scil a chur i bhfeidhm ar phleanáil, eagrú agus bainistiú áiseanna agus próiseas agus táirgí íomhá ghluaiste á gcruthú.	10	2%
CM3	Anailís agus luacháil a dhéanamh ar a saothar féin agus ar shaothar daoine eile, ag léiriú feasacht ar chuspóir cruthaitheach agus teicniúil agus ar fhreagairt lucht féachana.	20	4%

Tá mionsonraí sa tábla thíos ar mhiondealú na marcanna de réir gach gné sa phortfóilió:

Gné Portfóilió	Inneachar Portfóilió	CM1	CM2 a	CM2 b	CM3
Léiriú Intinne	• achoimre • anailís ar theicnící scannánaíochta a léiríonn Stíl Chlasaiceach Hollywood (ar a n-áirítear Réalachas agus/nó Foirmiúlachas) • luacháil				20 marc
Réamhléiriú cruthaitheach	• script • scéalchlár • liosta seatanna		20 marc		
Pleanáil, dearadh agus eagrú	• leabhar nótaí an stiúrthóra			10 marc	
Léiriú agus iarléiriú cruthaitheach	• sraitheog amháin scéalscannáin (3–4 nóiméad, i gcás beoghníomhaíochta, nó 1½–2 nóiméad, i gcás beochana)		60 marc		
Eolas agus tuiscint ar theanga na scannánaíochta (portfóilió iomlán)	• inneachar iomlán	10 marc			

Déantar an portfóilió seo a mharcáil go hinmheánach agus a mhodhnú go seachtrach.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Léiriú Intinne	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • mothúchán amháin agus cás amháin a roghnú ón leabhrán spreagthach agus smaointe cruthaitheacha a ghiniúint mar fhreagairt ar na spreagthaí a roghnaíodh; • tosú ar smaointe a fhorbairt faoi choinne sraitheog amháin scéalscannáin a chuireann an deis ar fáil le teicnící stíleacha scannánaíochta ar leith a fhiosrú go cruthaitheach agus a chur i bhfeidhm, le hatmaisféar, carachtar agus mothúchán a chur in iúl agus freagairt sa sprioclucht féachana a mhúscailt; • taighde a dhéanamh ar theicnící aitheantais scannánaíochta ar leith atá ábhartha don stíl scannánúil atá siad ag iarraidh a chur in iúl; • eolas agus tuiscint éifeachtach a léiriú ar **gach ceann de na cúig chroí-réimse de chuid theanga na scannánaíochta** trí theicnící scannánaíochta atá liostaithe sa leabhrán spreagthach faoi Stíl Chlasaiceach Hollywood a phlé, agus díriú stíleach mothúchánach ar theicnící réalachais agus/nó foirmiúlachais atá ábhartha dá n-intinní cruthaitheacha; • anailís a dhéanamh ar an dóigh a gcruthaíonn na teicnící scannánaíochta a roghnaigh siad freagairt mhothúchánach ar leith sa sprioclucht féachana; • smaointe cruthaitheacha a fhorbairt, teicnící scannánúla a shainaithint agus a anailísiú ar bhealach fiúntach, maisithe mar is cuí le: – gearrthóga scannáin atá comhbhrúite mar is cuí in úsáid (5–30 soicind ar fad); agus/nó – íomhánna nó gabhálacha scáileáin atá comhbhrúite mar is cuí in úsáid; • a n-intinní cruthaitheacha tosaigh a shainmhíniú agus machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna eitice agus athláithrithe; • achoimre a scríobh; agus • naisc a bhfuil cuspóir leo a dhéanamh idir a saothar féin agus teicnící ar leith de chuid scannánóirí eile.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Réamhléiriú	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • insint na sraitheoige scannáin atá beartaithe acu a bheachtú óna script, agus iad ag léiriú eolas muiníneach agus tuiscint ar struchtúr insinte agus formáidiú scripte atá coinbhinseanúil, agus an áit is cuí, neamh-choinbhinseanúil; • liosta seatanna agus scéalchláir léiritheacha mheaitseála a chruthú a chuireann eolas agus tuiscint níos mó in iúl ar choinbhinsiúin chuí ceamara agus eagarthóireachta; • roghanna ceamara agus eagarthóireachta a dhéanamh le brí shoiléir bheartaithe a chruthú;
Pleanáil, dearadh agus eagrú	• fianaise a bhfuil cuspóir léi a chur ar fáil ar an mhachnamh atá déanta acu ar a oiriúnaí agus a phraiticiúla atá suíomhanna maidir le scannánú agus taifeadadh fuaime, mar shampla úsáid a bhaint as fótagraif nó sceitsí de sheiteanna beochana á bpleanáil agus á gcruthú; • fianaise chomhleanúnach a léiriú i bhfoirm fótagraf nó léaráidí ar smaointe cuí maidir le feisteas, smideadh agus dearadh carachtair; • fearas cuí a aimsiú agus a úsáid a chuideoidh le gach mothúchán ar leith a chur in iúl go héifeachtach; • coinbhinsiúin stíleacha a thriail agus fiosrú a dhéanamh ar an dóigh le hiad seo a úsáid i mbealaí éagsúla le díriú ar spriocghrúpaí féachana ar leith; • scannánú a bhainistiú go hoilte de réir treoirlínte sláinte agus sábháilteachta; • eagrú comhsheasmhach smaointe agus próisis a léiriú; • acmhainní agus trealamh léirithe scannán a bhainistiú go héifeachtach;
Léiriú agus iarléiriú cruthaitheach	• teicnící scannánúla a úsáid le hinsint líneach nó neamhlíneach a chruthú a chruthaíonn atmaisféar, mothúchán carachtair agus freagairt sa lucht féachana; agus • ceamara (agus tríchosach san áit chuí) a úsáid leis an réimse iomlán de sheatanna atá beartaithe a ghabháil, agus machnamh á dhéanamh ar shuíomh ceamara, frámú agus gluaiseacht atá fiúntach.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Léiriú agus iarléiriú cruthaitheach; (ar lean.)	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • cumas comhsheasmhach teicniúil a léiriú in úsáid teicnící scannánaíochta i gcás **gach ceann de na cúig** chroí-réimse de chuid theanga na scannánaíochta: – ceamara; – eagarthóireacht; – soilsiú; – mise-en-scène; agus – fuaim (ceol san áireamh); • píosaí scannáin a iompórtáil go dtí bogearraí cuí eagarthóireachta; • roghanna cruthaitheacha teicniúla atá muiníneach a dhéanamh maidir leis an dóigh a gcuirtear ceamara, eagarthóireacht, soilsiú, mise-en-scène, fuaim (ceol san áireamh) agus insint i bhfeidhm a léireoidh cumas a mbrí beartaithe a chruthú; • na scileanna seo a leanas a úsáid san áit is cuí le fuaim chuí, éifeachtach a chruthú; – fuaim fhóirsteanach ar an láthair a thaifeadadh; – dialóg inchloiste a thaifeadadh; – leibhéil chuí fuaime a úsáid; – fuaimrian ilsraitheach a úsáid ar mhaithe le héifeacht atmaisféarach nó corraitheach; agus – fuaimeanna Foley a úsáid; • ceol fóirsteanach a roghnú agus/nó a chruthú mar cheol cúlra do chuspóir drámatúil; • soilsiú praiticiúil breise a úsáid a chuirfidh feabhas ar léiriú an scannáin trí: – machnamh a dhéanamh ar an áit le haisteoirí agus/nó carachtair bheochana a chur maidir leis an phríomhfhoinse solais; agus – soilsiú praiticiúil a úsáid nó a chur isteach le soilsiú sásúil a chur ar fáil do gach radharc; agus • dearadh léiriúcháin fóirsteanach nó mise-en-scène a chruthú don scannán, trí mhachnamh a dhéanamh ar: – cineálacha éagsúla de smideadh, feistis, fearas agus/nó suíomhanna atá cuí don tsaol scannáin bheartaithe; agus – roghnú aisteoirí agus léiriú carachtair agus/nó dearadh carachtair, léiriú mothúcháin agus gluaiseacht atá barantúil (i gcás beochana).

Inneachar	Torthaí Foghlama
Léiriú agus iarléiriú cruthaitheach; (ar lean.) **Luacháil**	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • roghanna eagarthóireachta agus iarléirithe éifeachtacha agus cruthaitheacha a dhéanamh, ag cur teicnící scannánúla i bhfeidhm a bhféadfadh na rudaí seo a bheith ina measc: – eagarthóireacht leanúnachais agus/nó montáis; – éagsúlacht i luas eagarthóireachta; agus – teicnící iarléirithe breise mar is cuí, mar shampla scagairí nó athrú luais; • sraitheog teidil a chur leis atá cuí ó thaobh luais, stíle agus faid de le hainm a chur ar an scannán; • socruithe cuí easpórtála agus formáidí cuí comhaid a úsáid leis an scannán críochnaithe a ullmhú agus a easpórtáil, ar a n-áirítear: – leagan iomlán d'ardchaighdeán lena choinneáil ag an lárionad; agus – leagan comhbhrúite lena chur chugainn; • léiriú trialach den scannán a thaispeáint agus anailís fhiúntach a dhéanamh ar an dóigh ar fhreagair an lucht féachana ar cheann ar bith de na teicnící stíleacha scannánaíochta a úsáideadh nó a cruthaíodh sa scannán dheireanach le mothúchán ar leith ar scáileán a chur in iúl; • plé agus luacháil chriticiúil a dhéanamh ar an dóigh ar chuir siad na teicnící scannánaíochta i bhfeidhm a bhí luaite agus fiosraithe acu ina léiriú intinne agus sna céimeanna réamhléirithe cruthaitheacha dá bportfóilió; • breithiúnais mhuiníneacha a dhéanamh ar stiúradh cruthaitheach a gcuid saothair; • cur síos a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar obair ar bith eile a rinneadh agus réitigh a fuarthas agus/nó athruithe a rinneadh le linn léirithe agus iarléirithe a shainaithint; agus • luacháil chriticiúil agus chuimsitheach a dhéanamh ar rath na sraitheoige scéalscannáin agus ar cad é mar a d'éirigh léi mothúchán ar scáileán a chur in iúl trí theicnící scannánaíochta stíleacha ar leith a úsáid.

3.2 Aonad AS 2: Freagairt Chriticiúil

Scrúdú ar líne atá san aonad seo. Tá an scrúdú roinnte ina dhá roinn:

Roinn A: Alfred Hitchcock agus Stíl Chlasaiceach Hollywood, déanann an roinn seo measúnú ar eolas agus ar thuiscint daltaí ar an stíl leanúnachais, an insint réalachais, córas stiúideo Hollywood agus cur chuige nuálach de chuid Alfred Hitchcock i dtaca le teanga na scannánaíochta. Sa roinn seo tá dhá cheist ann a dtiocfadh leo úsáid a bhaint as gearrthóga gairide scannán nó fuaime agus gabhálacha scáileáin mar spreagthaí. Éilíonn ceist amháin anailís scríofa ar shraitheog scannáin nach bhfacthas roimh ré.
(40 marc – CM1 agus CM3)

Roinn B: Foirmiúlachas – Cineama Luath-Eorpach agus an tEispriseanachas Meiriceánach, déanann an roinn seo measúnú ar eolas agus ar thuiscint daltaí ar ghluaiseachtaí scannánaíochta d'fhoirmiúlachas Luath-Eorpach agus an tionchar acu ar éabhlóid na stíle scannánaíochta in Hollywood, a raibh tréimhse chlasaiceach Film Noir mar dheireadh uirthi. Sa roinn seo tá dhá cheist ann a thiocfadh leo úsáid a bhaint as gearrthóga gairide scannán nó fuaime agus gabhálacha scáileáin mar spreagthaí. Éilíonn ceist amháin anailís scríofa ar shraitheog scannáin nach bhfacthas roimh ré.
(40 marc – CM1 agus CM3)

Inneachar	**Torthaí Foghlama**
Stíl Chlasaiceach Hollywood	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • eolas agus tuiscint a léiriú ar **Stíl Chlasaiceach Hollywood**; • an stíl leanúnachais a phlé agus feidhm na gcoinbhinsiúin scéalaíochta seo a leanas a mhíniú: – eagarthóireacht dhofheicthe; – leanúnachas líneach; – an riail 180 céim; – línte súl a mheaitseáil; – seat/seat droim ar ais; agus – úsáid seatanna bunaidh; agus • eolas agus tuiscint a léiriú ar choincheap an '***auteur***' agus é a chur i bhfeidhm maidir leis an stiúrthóir Alfred Hitchcock.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Stíl Chlasaiceach Hollywood (ar lean.)	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • feidhm na gnéithe seo a leanas i stíl chineamatach Hitchcock a phlé agus a mhíniú: – ceamara pointe féachana (PF) agus teicníc eagarthóireachta; – gluaiseachtaí dinimiciúla ceamara; – seatanna arda; – úsáid mhothúchánach den tseat teann – trasghearradh; – eagarthóireacht montáise: – teicnící mothúchánacha soilsithe; agus – ceol a úsáid le mothúchán a chruthú; • coincheap Hitchcock ar **Pure Cinema** a mhíniú agus samplaí dá fheidhm a anailísiú; • eolas agus tuiscint a léiriú ar na teicnící a d'úsáid Hitchcock le teannas a chruthú agus anailís a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidtear iad seo sna seánraí scéinséara nó uafáis; • tionchar stíl chineamatach Hitchcock ar shaothar scannánóirí na linne seo a mhíniú; • samplaí de shaothar Hitchcock a anailísiú; • an stíl chineamatach a bhí ag scannánóirí a raibh tionchar ag Hitchcock orthu a anailísiú;
Réalachas in Hollywood	• eolas agus tuiscint a léiriú ar mhodh an réalachais chineamataigh is ceannasaí, **insint réalachais Hollywood**, a bhunús agus a ábharthacht sa lá atá inniu ann; agus • na coinbhinsiúin seo a leanas a bhaineann leis an insint réalachais a phlé; – tá patrún insinte ann ina bhfuil dúcheist agus réiteach, bíonn mistéir ann agus réitítear í; – bíonn sraith loighciúil cúise agus éifeachta ag imeachtaí; – bíonn sraith imeachtaí á rialú ag spreagthaí, spriocanna agus gníomhartha na bpríomhcharachtar; agus – bíonn ord na n-imeachtaí líneach agus réiteach chóir a bheith iomlán ar an scéal.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Réalachas in Hollywood (ar lean.)	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • coincheap André Bazin ar réalachas a mhíniú ar an dóigh a mbaineann sé le cineamatagrafaíocht domhainfhócais agus leis an téic fhada; • na príomhtheicnící réalachais seo a leanas a shainaithint agus a bhfeidhm a mhíniú: – an téic fada; – cineamatagrafaíocht domhainfhócais; – teicníc an cheamara láimhe: – leanúnachas ama agus spáis; – úsáid ceamaraí TCI nó píosaí scannáin ó nuacht teilifíse le mothú réalachais a chruthú; – scannánú ar an tsuíomh; – aisteoireacht nádúrtha; agus – fuaim agus ceol insinte amháin a úsáid ar an fhuaimrian; • samplaí de theicnící réalachais a bhíonn in úsáid ag scannánóirí a anailísiú agus iad ag obair taobh istigh de choinbhinsiúin insint réalachais Hollywood;
Córas Stiúideo Hollywood	• eolas agus tuiscint a léiriú ar mhúnla tionsclaíoch na scannánaíochta in Hollywood, a bhunús, a luathstair agus a ábharthacht sa lá atá inniu ann; • an nasc idir an córas stiúideo agus forbairt Stíl Chlasaiceach Hollywood a mhíniú; • na gnéithe seo a leanas a bhaineann leis an chóras stiúideo a phlé: – comhcheangal ceartingearach maidir le léiriú, dáileadh agus taispeántas; – múnla léirithe na líne cóimeála de ranna ceardaíochta éagsúla ag obair taobh istigh de choinbhinsiúin na stíle leanúnachais; – ról na scannánaíochta seánra-bhunaithe i múnla léirithe na líne cóimeála; – idirdhealú na seánraí trí chóid agus coinbhinsiúin ar leith; – ról an stiúrthóra, an léiritheora agus an scríbhneora i scannán stiúideo agus na srianta ar léiriú aonair; agus – an stíl tí agus an phearsantacht ar leith atá ag gach príomhstiúideo.

Inneachar	Torthaí Foghlama
An tEispriseanchas Gearmánach	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • eolas agus tuiscint a léiriú ar **fhoirmiúlachas** agus na príomhghluaiseachtaí foirmiúlachais a bhfuil staidéar déanta orthu sa chúrsa seo a shainaithint; • eolas agus tuiscint a léiriú ar Chineama an Eispriseanachais Ghearmánaigh na 1920idí mar rogha malartach ar ghnáthscannáin chineama Hollywood agus chomh maith leis sin, an tionchar a bhí aige air; • an comhthéacs tionsclaíoch agus an clú a bhí ar Chineama an Eispriseanachais Ghearmánaigh agus ar an chóras stiúideo féin a bhí ag tionscal na scannán sa Ghearmáin a mhíniú; • feasacht a léiriú ar an ghaolmhaireacht idir Cineama an Eispriseanachais Ghearmánaigh agus an ghluaiseacht eispriseanachais san ealaín; • stíl foirmiúlachais an Eispriseanachais Ghearmánaigh a shainaithint agus an dóigh ar chuir sí dúshlán ar choinbhinsiúin na stíle leanúnachais a mhíniú; • na gnéithe seo a leanas de Chineama an Eispriseanachais Ghearmánaigh a phlé agus a bhfeidhm a mhíniú: – íocónagrafaíocht; – suíomh; – insint; – stíl; – carachtair; agus – téamaí; • an méid a chuir an tEispriseanchas Gearmánach le forbairt sheánraí Hollywood amhail seánra an uafáis, seánra na coireachta agus seánra an fhicsin eolaíochta; • tionchar an Eispriseanachais Ghearmánaigh ar shaothar scannánóirí na linne seo a mhíniú; • samplaí de Chineama an Eispriseanachais Ghearmánaigh a anailísiú; agus • an stíl chineamatach a bhí ag scannánóirí a raibh tionchar ag an Eispriseanachas Ghearmánach orthu a anailísiú;

Inneachar	Torthaí Foghlama
Film Noir agus an tEispriseanachas Meiriceánach	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • na téarmaí **Film Noir** agus **an tEispriseanachas Meiriceánach** a shainaithint agus a mhíniú mar chur síos ar stíl eispriseanachais de scannánaíocht Hollywood, ag tosú le *Citizen Kane* (1941) agus ag críochnú le *Touch of Evil* (1958); • bunús Film Noir agus tionchar an Eispriseanachais Ghearmánaigh ar scannánóirí Hollywood a mhíniú; • an comhoibriú uathúil a tharlaíonn idir an stiúrthóir agus an cineamatagrafadóir in Film Noir agus san Eispriseanachas Mheiriceánach a mhíniú; • na gnéithe seo a leanas de Film Noir a phlé agus a bhfeidhm a mhíniú: – íocónagrafaíocht; – suíomh; – insint; – stíl; – carachtair; agus – téamaí; • tionchar an fhicsin choire ar Film Noir a mhíniú, i dtaca le: – scéalta dorcha uirbeacha a léiríonn saol corbach atá dúghafa ag an tsaint, foréigean agus cumhacht; – cineálacha carachtar amhail an frithlaoch de bhleachtaire príobháideach ciniciúil agus an femme fatale mhímhacánta; – íocónagrafaíocht an bhleachtaire phríobháidigh agus suíomh spásanna dorcha na gcathrach; – insintí an chéad phearsa a chuireann coir in iúl go suibiachtúil ó phointe féachana an choirpigh; agus – téamaí amhail síceolaíocht na coireachta, an dóigh a mbíonn príomhcharachtair tarraingthe i dtreo na coireachta mar gheall ar locht taobh istigh díobh; • tionchar Film Noir ar chineama níos faide anonn a mhíniú; agus • an stíl chineamatach a bhí ag scannánóirí a raibh tionchar ag Film Noir orthu a anailísiú.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Montáis Shóivéadach	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • eolas agus tuiscint a léiriú ar bhunfhoinsí na **Montáise Sóivéadaí** agus ar na modhanna nua eagarthóireachta a tháinig as an Rúis; • feasacht a léiriú ar an ghaolmhaireacht idir Montáis Shóivéadach agus fótamontáis; • stíl foirmiúlachais na Montáise Sóivéadaí a shainaithint agus an dóigh ar chuir sí dúshlán ar choinbhinsiúin na stíle leanúnachais a mhíniú; • stíl foirmiúlachais na Montáise Sóivéadaí in eochairshamplaí de chineama Sóivéadach a phlé agus a anailísiú; • tionchar na Montáise Sóivéadaí ar shaothar scannánóirí ina dhiaidh sin a shainaithint; agus • stíleanna eagarthóireachta de chuid scannánóirí a raibh tionchar ag Montáis Shóivéadach orthu a anailísiú.

3.3 Aonad A2 1: Léiriúchán agus Taighde Cruthaitheach – Ardphortfólió

San aonad seo, déanann daltaí síneadh ar a scileanna praiticiúla agus teoiriciúla le scéalscannán gearr iomlán a chomhlánú a léiríonn tuiscint phraiticiúil ar an chur chuige stíleach atá ag cleachtóir roghnaithe. Beachtaíonn siad a gcuspóir cruthaitheach féin agus cuireann siad culaith ghaisce cruthaitheacha dá gcleachtóra roghnaithe i bhfeidhm ina scannán gearr féin. Déanann daltaí staidéar neamhspleách agus léirthuiscint chriticiúil ar a gcleachtóir scannánaíochta roghnaithe a bhfuil cáil ar a chuid saothair as stíl aitheantais ar leith a bheith ann.

Scríobhann daltaí aiste mhaisithe a thugann an deis dóibh grinnstaidéar neamhspleách a dhéanamh ar chleachtóir a bhfuil clú air as cur chuige stíleach aonair ar leith a bheith aige. Thig le daltaí duine de na cleachtóirí seo a leanas a roghnú mar sprioc dá gcuid staidéir:

- stiúrthóir;
- eagarthóir;
- cineamatagrafadóir; nó
- eagarthóir fuaime.

Níl cead ag daltaí Hitchcock a roghnú mar chleachtóir ag A2 mar go ndíríonn siad ar a chuid saothair ag AS.

An cur chuige stíleach atá ag an chleachtóir roghnaithe, ní mór dó a bheith ábhartha d'intinní cruthaitheacha an dalta féin. Ba cheart do dhaltaí díriú ar chleachtóir roghnaithe amháin. Thiocfadh leo fosta cleachtóirí eile scannánaíochta atá bainteach agus ábhartha a phlé agus a n-aiste mhaisithe á forbairt acu. Ba cheart do dhaltaí raon de theicnící foirmiúla agus stíleacha a fhiosrú, ar a n-áirítear iad siúd a thrasnaíonn teorainneacha coinbhinseanúla.

Tugann an aiste mhaisithe an deis do dhaltaí portfóilió mionsonraithe eolach a fhorbairt don léiriú ar a n-áirítear scannán gearr 4–7 nóiméad nó beochan 2–3½ nóiméad a chuimsíonn ábhair chruthaitheacha agus eagrúcháin atá bainteach don réamhléiriú agus don léiriú agus luacháil an dalta ar a chuid saothair féin.

Tá Aonad A2 1 roinnte ina **gcúig** shainchéim:

- Céim 1: Aiste Mhaisithe;
- Céim 2: Réamhléiriú Cruthaitheach;
- Céim 3: Pleanáil, Dearadh agus Eagrú;
- Céim 4: Léiriú agus Iarléiriú Cruthaitheach; agus
- Céim 5: Luacháil.

Ní mór do dhaltaí oibriú trí gach céim lena bportfóilió a chomhlánú. Is féidir go mbeidh an t-ábhar céanna i gcuid de na céimeanna ag brath ar an phróiseas chruthaitheach. Tá an rogha ag daltaí ceachtar acu a dhéanamh: scannán beoghníomhaíochta nó beochan.

Ní mór na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh san ardphortfólió A2:

- aiste mhaisithe (ar a n-áirítear achoimriú agus luacháil) 2000–2700 focal;
  (CM3: 20 marc ar a n-áirítear **Caighdeán na Cumarsáide Scríofa)**

- script, scéalchlár agus liosta seatanna ina bhfuil an phleanáil réamhléirithe forbartha don scéalscannán ghearr nó don bheochan;
  (CM2 a: 20 marc)

- leabhar nótaí stiúrthóra ina bhfuil 20–30 leathanach A4 nó a chomhionann, a sholáthraíonn fianaise mhaisithe ar:
  – taighde léiriúcháin agus forbairt dearaidh;
  – machnamh ar stíl scannánaíochta agus an dóigh a gcruthaíonn sí mothú agus bríonna ar leith; agus
  – fadhbanna a réiteach agus acmhainní a bhainistiú; agus
  (CM2 b: 10 marc)

- scéalscannán gearr iomlán (4–7 nóiméad, i gcás beoghníomhaíochta, nó 2–3½ nóiméad, i gcás beochana).
  (CM2 a: 60 marc)

Ní mór eolas agus tuiscint a léiriú sa phortfóilió ar theicnící aitheantais agus cleachtais an chleachtóra roghnaithe san obair scríofa agus léirithe araon, agus teanga chuí na scannánaíochta in úsáid síos tríd **(CM1: 10 marc)**.

Is gá gur leis an dalta féin amháin an obair ar fad a dhéantar. Ní mór do mhúinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar an obair lena barúlacht a chinntiú. B'fhéidir go mbeadh ar dhaltaí comhoibriú le daoine eile, ach tá siad freagrach go haonarach as gach cinneadh cruthaitheach agus as léiriú a ngearrscannáin dheireanaigh.
Agus fad ama a saothair á ríomh, ní chuirfear creidiúintí san áireamh mar chuid den scannán chríochnaithe.

Eolas atá ar shocruithe comhbhrúite agus méid na gcomhad riachtanach i gcás gach céim den phortfóilió, tá sé ar fáil sa rannán GCE de mhicreashuíomh EÍG.

Tá **60 faoin chéad** d'iomlán na marcanna don bhronnadh A2 ag dul d'Aonad A2 1.

Nuair a bhreathnaítear air mar chuid den A-leibhéal GCE ar fad, leithdháiltear **36 faoin chéad** de na marcanna ar fad atá ar fáil air.

Is é **120** uasmhéid na marcanna don aonad seo.

Tá marcanna dáilte agus ualaithe trasna na gcuspóirí measúnaithe mar seo a leanas:

Cuspóirí an Mheasúnaithe		Marcanna	% den Bhronnadh A-leibhéil
CM1	Eolas agus tuiscint a léiriú ar theanga na scannánaíochta, stíleanna, cleachtais, teicnící, gluaiseachtaí agus comhthéacsanna.	10	3%
CM2 a	Eolas agus scil atá cruthaitheach agus teicniúil a chur i bhfeidhm ar an réamhléiriú, léiriú agus iarléiriú de tháirgí íomhá ghluaiste.	80	24%
CM2 b	Eolas agus scil a chur i bhfeidhm ar phleanáil, eagrú agus bainistiú áiseanna agus próiseas agus táirgí íomhá ghluaiste á gcruthú.	10	3%
CM3	Anailís agus luacháil a dhéanamh ar a saothar féin agus ar shaothar daoine eile, ag léiriú feasacht ar chuspóir cruthaitheach agus teicniúil agus ar fhreagairt lucht féachana.	20	6%

Tá mionsonraí sa tábla thíos ar mhiondealú na marcanna de réir gach gné sa phortfóilió:

Gné Portfóilió	**Inneachar Portfóilió**	**CM1**	**CM2 a**	**CM2 b**	**CM3**
Aiste mhaisithe	• achoimre • anailís ar theicnící aitheantais stíleacha an chleachtóra scannánaíochta roghnaithe • luacháil				20 marc
Réamhléiriú cruthaitheach	• script • scéalchlár • liosta seatanna		20 marc		
Pleanáil, dearadh agus eagrú	• leabhar nótaí an stiúrthóra			10 marc	
Léiriú agus iarléiriú cruthaitheach	• scéalscannán gearr iomlán (4–7 nóiméad, i gcás beoghníomhaíochta, nó 2–3½ nóiméad, i gcás beochana).		60 marc		
Eolas agus tuiscint ar theanga na scannánaíochta (portfóilió iomlán)	• inneachar iomlán	10 marc			

Déantar an portfóilió seo a mharcáil go hinmheánach agus a mhodhnú go seachtrach.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Aiste mhaisithe **Réamhléiriú cruthaitheach**	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • eolas agus tuiscint líofa a léiriú ar na teicnící scannánaíochta a bhí in úsáid ag cleachtóirí roghnaithe san am a chuaigh thart agus/nó sa lá atá inniu ann; • gnéithe stíleacha a bhaineann leis an chleachtóir nó leis na cleachtóirí roghnaithe a fhiosrú agus a phlé; • mionanailís a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáideann an cleachtóir nó na cleachtóirí teicnící éagsúla scannánaíochta le freagairtí lucht féachana a chruthú; • teicnící agus próisis fhoirmiúla agus stíleacha scannánaíochta a fhiosrú le smaointe cruthaitheacha a fhorbairt agus iad sin a léiriú trí úsáid chuí de: – gearrthóga scannáin atá comhbhrúite mar is cuí in úsáid (5–30 soicind ar fad); agus/nó – íomhánna nó gabhálacha scáileáin atá comhbhrúite mar is cuí in úsáid; • a n-intinní cruthaitheacha tosaigh a shainmhíniú agus machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna eitice agus athláithrithe; • achoimre a scríobh; • naisc chuimsitheacha a dhéanamh idir a gcuid saothair féin agus saothar an chleachtóra nó na gcleachtóirí roghnaithe; • na smaointe ina n-achoimre a fhorbairt le script scéalscannáin a chruthú, ag léiriú eolas agus tuiscint léirsteanach ar struchtúir éagsúla scéil agus ar fhormáidiú scripte; agus • liosta seatanna agus scéalchláir léiritheacha mheaitseála a chruthú a chuireann eolas in iúl ar na coinbhinsiúin chuí deartha, ceamara agus eagarthóireachta is éifeachtaí.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Pleanáil, dearadh agus eagrú	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • eagrú neamhspleách smaointe nó próisis a léiriú; • áiseanna agus trealamh ríthábhachtacha i dtaca le léiriú scannáin a bhainistiú; • fianaise thuisceanach a chur ar fáil ar an mhachnamh atá déanta acu ar a oiriúnaí agus a phraiticiúla atá suíomhanna maidir le scannánú agus taifeadadh fuaime, mar shampla úsáid a bhaint as fótagraif nó sceitsí de sheiteanna beochana á bpleanáil agus á gcruthú; • fianaise bhunaidh a léiriú i bhfoirm fótagraf nó léaráidí ar smaointe cuí deartha maidir le suíomh, feisteas, smideadh agus cumadh carachtar; • sceidil chuimsitheacha a tháirgeadh don tréimhse scannánaíochta a fhreagraíonn don liosta seatanna, agus bileoga sceidil a chruthú do na haisteoirí agus don chriú ar na laethanta scannánaíochta; • scannánú a bhainistiú de réir treoirlínte sláinte agus sábháilteachta;
Léiriú agus iarléiriú cruthaitheach	• scéalscannán iomlán a chruthú ag úsáid struchtúir scéil atá líneach agus/nó neamhlíneach; • an cumas a léiriú le héagsúlacht chuí de theicnící mothúchánacha agus dúisitheacha a úsáid go héifeachtach; • cumas leanúnach teicniúil a léiriú in úsáid a gcuid teicnící roghnaithe a bhfuil plé déanta orthu san aiste mhaisithe; • úsáidí éagsúla atá cruthaitheach agus líofa a léiriú maidir le suíomh, frámú agus gluaiseacht an cheamara; • roghanna eagarthóireachta atá cruthaitheach, samhlaíoch agus a bhfuil cuspóir leo a dhéanamh le brí agus mothú a chruthú ina scannán; agus • fuaimrian agus scór ceoil mothúchánach a chruthú le cuspóir drámatúil, mothú agus atmaisféar a scannáin a fheabhsú.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Léiriú agus iarléiriú cruthaitheach; (ar lean.)	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • soilsiú a úsáid go praiticiúil agus go mothúchánach le mothú beartaithe a scannáin a fheabhsú; • dearaí samhlaíocha léiriúcháin dá gcuid féin a chruthú dá scannán agus na rudaí seo a leanas a chur san áireamh: – cineálacha éagsúla de smideadh, feistis, fearas agus/nó suíomhanna atá cuí don tsaol scannáin bheartaithe; agus – roghnú aisteoirí agus léiriú carachtair agus/nó dearadh carachtair, léiriú mothúcháin agus gluaiseacht a léiríonn an saol mar atá (i gcás beochana); • teicnící nó éifeachtaí iarléirithe breise a úsáid mar is cuí agus sraitheog teidil a chur leis atá cuí; • socruithe cuí easpórtála agus formáidí cuí comhaid a úsáid leis an scannán chríochnaithe a ullmhú agus a easpórtáil, ar a n-áirítear: – leagan iomlán d'ardchaighdeán lena choinneáil ag an lárionad; agus – leagan comhbhrúite lena chur chugainn;
Luacháil	• luacháil a dhéanamh ar éifeachtacht a gcleachtais féin; • breithiúnais léirsteanacha, réasúnaithe a dhéanamh ar stiúradh cruthaitheach a saothair; • léiriú trialach den scannán a thaispeáint agus anailís a dhéanamh ar an dóigh ar fhreagair an lucht féachana ar cheann ar bith de na teicnící scannánaíochta a úsáideadh nó a cruthaíodh sa scannán deireanach; • plé agus grinnluacháil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur i gcrích na dteicnící a bhí luaite agus fiosraithe acu ina n-aiste mhaisithe agus sna céimeanna réamhléirithe cruthaitheacha dá bportfóilió; • cur síos a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar obair ar bith eile a rinneadh agus réitigh a fuarthas agus/nó athruithe a rinneadh le linn léirithe agus iarléirithe a shainaithint; agus • rath an scannáin chríochnaithe a luacháil go criticiúil.

3.4 Aonad A2 2: Ardfhreagairt Chriticiúil

Scrúdú ar líne atá san aonad seo. Tá an scrúdú roinnte ina thrí roinn:

Roinn A: Réalachas: Éilíonn **Stíl Inste agus Stíl Amhairc** ar dhaltaí eolas agus tuiscint a léiriú ar theanga na scannánaíochta, ar scannánóirí agus ar ghluaiseachtaí scannánaíochta taobh istigh de chóid agus coinbhinsiúin an réalachais; Tá **dhá cheist** sa roinn seo a chuimsíonn anailís scríofa ar shraitheog scannáin nach bhfacthas roimh ré.
(30 marc – CM1 agus CM3)

Roinn B: Éilíonn **Cleachtadh Cruthaitheach** ar dhaltaí nótaí stiúrthóra a chur le chéile bunaithe ar bhunábhar dá gcuid féin nach bhfacthas roimh ré, a thugann míniú ar oiriúnacht a gcuid roghanna.
(20 marc – CM1 agus CM2a)

Roinn C: Éilíonn **Anailís Chomparáideach** ar dhaltaí freagra scríofa a thabhairt ar cheist **amháin**. Déanann an cheist measúnú ar chumas na ndaltaí comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir an teicníc insinte agus an stíl amhairc atá in úsáid in dhá shraitheog scannáin, nach bhfuil aon bhaint acu le chéile agus nach bhfacthas roimh ré.
(30 marc – CM1 agus CM3)

Inneachar	**Torthaí Foghlama**
Réalachas i gCineama Domhanda	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • eolas agus tuiscint a léiriú ar **réalachas** maidir leis na heochairghluaiseachtaí réalachais seo a leanas i stair an chineama dhomhanda: – Nuaréalachas na hIodáile; – Nuathonn na Fraince; – Cinéma Vérité; agus – Réalachas Fileata; • anailís a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáideann scannánóirí san am a chuaigh thart agus an lae inniu réimse éagsúil de theicnící réalachais i saothair scannánaíochta ó chineama de náisiúin éagsúla.
Nuaréalachas na hIodáile	• eolas agus tuiscint ar na rudaí seo a leanas a léiriú: **Nuaréalachas na hIodáile** mar thraidisiún malartach ar scéalaíocht chineamatach Hollywood; agus • coinbhinsiúin insinte agus stíleacha Chineama Nuaréalachas na hIodáile a shainaithint agus an dóigh nach gcloíonn siad le Stíl agus insint Chlasaiceach Hollywood a mhíniú.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Nua-Réalachas na hIodáile (ar lean.)	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • na gnéithe seo a leanas de Chineama Nua-Réalachas na hIodáile a phlé agus a bhfeidhm in eochairshaothair Nua-Réalachais a mhíniú: – cleachtais scannánaíochta; – insint; – stíl; – carachtair; agus – téamaí; • tionchar Nuaréalachas na hIodáile ar shaothar scannánóirí na linne seo a mhíniú; • samplaí de Chineama Nua-Réalachas a anailísiú; • an stíl chineamatach a bhí ag scannánóirí a raibh tionchar ag Cineama Nua-Réalachas na hIodáile orthu a anailísiú;
Nuathonn na Fraince agus Cinéma Vérité	• eolas agus tuiscint a léiriú ar **Nuathonn na Fraince** mar thraidisiún malartach ar scéalaíocht chineamatach Hollywood; • na teicnící scéalaíochta agus na cleachtais scannánaíochta de Nuathonn na Fraince a shainaithint agus an dóigh nach gcloíonn siad le Stíl agus insint Chlasaiceach Hollywood a mhíniú; • na gnéithe seo a leanas de Nuathonn na Fraince a phlé agus a bhfeidhm in eochairshaothair a mhíniú: – cleachtais scannánaíochta; – insint; – stíl; – carachtair; agus – téamaí; • tionchar Nuathonn na Fraince ar shaothar scannánóirí na linne seo a mhíniú; • an stíl chineamatach a bhí ag scannánóirí a raibh tionchar ag Nuathonn na Fraince orthu a anailísiú; • eolas agus tuiscint ar **Cinéma Vérité** a léiriú mar stíl ar leith den scannánaíocht faisnéise; agus • an dul chun cinn atá déanta sa teicneolaíocht a shainaithint le gur féidir scannánaíocht faisnéise den stíl nua seo a dhéanamh.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Nuathonn na Fraince agus Cinéma Vérité (ar lean.)	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • na gnéithe seo a leanas de Cinéma Vérité a phlé agus a bhfeidhm a mhíniú: – teicníc an cheamara láimhe; – scannánú ar an tsuíomh; – téiceanna fada; agus – úsáid fuaim insinte; • tionchar Cinéma Vérité ar stiúrthóirí Nuathonn na Fraince agus ar stiúrthóirí a linne a mhíniú; • eolas agus tuiscint a léiriú ar an tionchar a bhí ag Cinéma Vérité agus teicnící scannánaíochta faisnéise ar Chineama Hollywood; • samplaí de Chineama Nuathonn na Fraince a anailísiú; • an stíl chineamatach atá ag scannánóirí na linne seo a raibh tionchar ag Cinéma Vérité agus teicnící scannánaíochta faisnéise orthu a anailísiú;
Réalachas Fileata	• eolas agus tuiscint ar an téarma **Réalachas Fileata** a léiriú agus a bheith ábalta aeistéitic fhileata, réalaíoch i saothar eochairchleachtóirí a aithint; • an stíl amhairc agus na teicnící scéalaíochta ar leith a bhaineann le réalachas fileata agus in úsáid le mionsonraí, gníomhaíochtaí agus comharthaí coitianta an ghnáthshaoil a fhiosrú; • na gnéithe seo a leanas den Réalachas Fhileata a phlé agus a bhfeidhm in eochairshaothair de chuid scannánóirí na linne seo a mhíniú: – íomhánna gan bhogadh nó chóir a bheith gan bhogadh a cumadh go smaointeach; – spásanna a iniúchadh go mall is go ciúin; – teannseateanna diana; – rímeanna físeacha; – móitífeanna athfhillteacha físeacha agus cloisteála; agus – ton nó mothú machnamhach de bhrionglóid nó samhlaíocht fhileata; agus • coinbhinsiúin an réalachais fhileata a úsáid i sraitheoga scannáin nach bhfacthas roimh ré a anailísiú agus a phlé.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Insint a Thriail	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • eolas agus tuiscint ar mhúnlaí neamhlíneacha d'insint, plotaí agus scéalaíocht a léiriú; • na seifteanna insinte seo a leanas a bhíonn in úsáid i scéalaíocht neamhlíneach a shainaithint agus a phlé; – guthú; – spléachadh siar; – fráma reoite; – idir-theidil; agus – scéalaí neamhiontaofa; • na modhanna seo a leanas de thrialacha insinte i gcineama na linne seo agus i gcineama iarchlasaiceach a phlé: – struchtúr eipeasóideach agus scoilte; – insint bhriste; – plota spladhsáilte; – insint ilsnáithe; – plota san ord contrártha; agus – insint mhalartach don todhchaí; • an stíl inste agus an stíl amhairc de shraitheoga a tógadh ó chineama na linne seo agus ó chineama iarchlasaiceach agus nach bhfacthas roimh ré a anailísiú;
Cleachtadh Cruthaitheach	• nótaí stiúrthóra a dhréachtú mar fhreagairt d'ábhar scripte nach bhfacthas roimh ré; • na cineálacha seatanna is fearr a oireann don script a shainaithint, ag úsáid téarmaíocht bheacht chuí lena míniú an dóigh a n-úsáidfeadh siad iad seo; • eolas ar theicnící ceamara a bhaineann le seánra agus atá cuí ó thaobh stíl de a léiriú; • freagairt lucht féachana agus éifeacht mhothúchánach na seatanna molta a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh; agus • eolas agus tuiscint a léiriú ar theicnící eile a bhaineann le teanga na scannánaíochta agus an dóigh ar féidir iad seo a úsáid le radharc réamhscriptithe a thógáil, cur chuige féideartha le stíl soilsithe a shainiú, mise-en-scène, fuaim agus eagarthóireacht a d'fhéadfadh éifeacht mhothúchánach an radhairc a mhéadú.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Anailís chomparáideach	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: • anailís chomparáideach agus luacháil chriticiúil a dhéanamh ar dhá shraitheog scannáin nó níos mó ná sin nach bhfacthas roimh ré; • fiosrú a dhéanamh ar na cúrsaí seo a leanas san anailís acu: – úsáidí difriúla de theanga na scannánaíochta i ngach aon tsraitheog; – an teicníc insinte agus an stíl amhairc uathúil atá in úsáid ag gach stiúrthóir; – an chodarsnacht sna hintinní agus sa chuspóir chruthaitheach atá ag gach stiúrthóir; – na coinbhinsiúin fhoirmiúla agus stíleacha éagsúla atá in úsáid i ngach aon sraitheog; agus – an chodarsnacht i mothú, ton agus tionchar mothúchánach i ngach aon sraitheog; agus • teicnící réalachais agus foirmiúlachais de theanga na scannánaíochta atá in úsáid ag gach stiúrthóir a phlé.

© CCEA 2016

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning